Coimisiún na Meán

# Coimisiún Na Meán

# Clár Oibre 2026

Dáta: Márta 2026

# Réamhrá

Sna trí bliana ó bunaíodh Coimisiún na Meán, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an eagraíocht i dtreo ár bhfís a bhaint amach chun tírdhreach meán a fhorbairt agus a rialáil atá rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa.

Ó Mhárta 2023, tá beagnach 300 ball foirne ag obair i ngach réimse dár sainchúram a bhaineann le forbairt na meán, rialáil seirbhísí craolacháin agus físeáin ar éileamh, agus sábháilteacht ar líne. Leis an bhfás ar an méid foirne agus raon feidhme ár bhfreagrachtaí rialála araon, aithnímid an líon suntasach oibre atá amach romhainn, agus muid ag leanúint ar aghaidh ag cinntiú go seachadtar tírdhreach meán a oibríonn chun leas an phobail. Agus muid ag leanúint ar aghaidh ag seachadadh ár Ráiteas Straitéise trí bliana a foilsíodh anuraidh, táimid sásta ár gClár Oibre 2026 a chur i láthair.

Inár gClár Oibre uaillmhianach don bhliain atá romhainn léirítear na sé Thoradh Straitéiseacha ónár Ráiteas Straitéise – Cultúr agus Meáin na hÉireann, Leanaí, Daonlathas, Muinín, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, agus Sábháilteacht an Phobail. Tugtar breac-chuntas sa Chlár ar liosta tionscadal tosaíochta ar fud na heagraíochta a rannchuideoidh le ceann amháin nó níos mó de na Torthaí Straitéiseacha.  Áirítear obair a thosóidh in 2026, agus obair atá tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sna tionscadail inár gClár Oibre 2026. Is é an sprioc atá againn na tionscadail tosaíochta seo a sheachadadh laistigh den bhliain romhainn, fad is a aithnítear go mb'fhéidir gur tionscadail ilbhliantúla a bheidh i roinnt díobh de bharr chomh casta is atá an obair, agus an tírdhreach meán atá de shíor ag athrú ina bhfuilimid ag feidhmiú.

Mar aon leis na tionscadail tosaíochta seo, tá raon leatha gníomhaíochtaí oibríochtúla leanúnacha againn a thiomáineann ár gcuid oibre ar fud an tírdhreacha meán. Áirítear sa bhailiúchán saothar seo ár bpunann leathan de ghníomhaíochtaí oibriúcháin. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin na scéimeanna maoinithe éagsúla a oibrímid chun leas earnáil mheán na hÉireann, ár gcuid oibre ar mheáin seirbhíse poiblí agus tacaíocht earnála, lena n-áirítear oibriú Sustainable Media Ireland. Is féidir linn leanúint ar aghaidh lenár maoirseacht agus lenár bhforfheidhmiú ar chomhlíontacht eintiteas rialáilte sna réimsí craoltóireachta agus digiteacha. Leanfaimid ar aghaidh freisin ag cumhachtú an phobail agus ag tacú leo trínár n-ionad teagmhála agus ár bhfeidhmeanna gearán craolacháin agus ar líne. Tugaimid faoi rannpháirtíocht leathan le raon páirtithe leasmhara, lena n-áirítear maidir le hábhair amhail an scéim Taighdeoirí Grinnfhiosraithe faoin nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha, fad is a leanaimid orainn ag dul i gcomhairle lenár gCoiste Comhairleach reachtúil don Ógra maidir lenár gcuid oibre. Chomh maith le hoibriú le páirtithe leasmhara agus le líonraí náisiúnta, bímid rannpháirteach go gníomhach freisin i raon líonraí AE agus idirnáisiúnta chun seachadadh comhoibritheach agus éifeachtach ár straitéise a chinntiú.  Tá acmhainneacht forbartha againn agus leanfaimid á forbairt i réimsí amhail sonraí, TFC agus oibríochtaí tobhaigh chun tacú le seachadadh éifeachtach na hoibre, a bhfuil struchtúir rialachais éifeachtacha agus lúfar mar bhuntaca leo.


Public

# Tionscadail Tosaíochta/Clár Oibre

| Réimse Cláir | Achoimre ar a bhfuil ar Intinn Againn a Sholáthar i 2026 |
|---|---|
| **Feidhmeanna nua reachtúla/rialála a chur chun feidhme.** | Leanfaimid dár gclár oibre a sholáthar a chuirfidh ar chumas Choimisiún na Meán ullmhú d'fheidhmeanna rialála nua atá le teacht. Beidh an méid a leanas san áireamh sa chlár oibre sin:<br><br>• Obair ullmhúcháin chun na hathruithe a bhfuil gá leo le haghaidh na bhfeidhmeanna nua a thugtar don Choimisiún leis an Ionstraim Inrochtaineachta a chinneadh agus a fhorbairt.<br>• Sraith tionscadal a sholáthar a chuirfidh ar chumas an Choimisiúin oibríochtaí nua a thosú, nó oibríochtaí atá ann cheana féin a fhorbairt tuilleadh, chun feidhmeanna sa Ghníomh Eorpach nua um Shaoirse na Meán a chur ar bun.<br>• Feidhmeanna an Choimisiúin a phleanáil agus a ullmhú faoin nGníomh um an Intleacht Shaorga atá le teacht. Nuair a bheidh sé sin socraithe, é a oibríochtú laistigh de na feidhmeanna rialála atá againn cheana féin.<br>• Ár bhfeidhmeanna maoirseachta rialála a bhunú i ndáil le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla.<br>• Feachtas feasachta poiblí a fhorbairt chun feasacht a ardú faoi chúrsaí sábháilteachta ar líne, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le IS.<br>• Comhoibriú leis an gComhairle Comhairleach IS chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar thacsanomaíochtaí na díobhála ar líne chun díobhálacha a bhaineann le IS a ghabháil. |
| **Forbairt a chur ar ár samhail oibriúcháin rialála do sholáthraithe seirbhísí craoltóireachta agus físeáin ar éileamh.** | Leanfaimid de chlár oibre a sholáthar lena bhforbrófar ár gcur chuige i leith seirbhísí craoltóireachta agus físeáin ar éileamh a rialáil. San áireamh leis sin beidh:<br><br>• Leanúint de chreat comhlíonta, creat riosca agus creat maoirseachta a dhearadh agus a chur chun feidhme, sa bhreis ar shocruithe rialachais.<br>• Próisis agus nósanna imeachta láimhseála gearán nua a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.<br>• Rialacha nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le Saothair Eorpacha (Físeán ar Éileamh)<br>• Leanúint lenár dtionscadal píolótach chun cabhrú le measúnú a dhéanamh ar cháilíocht an tsoláthair Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus fotheideal faoi láthair.<br>• Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar chóid agus rialacha lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht níos fearr le rialáil sábháilteachta ar líne.<br>• Na próisis láimhseála glaonna atá ann faoi láthair a nuashonrú chun na réimsí nua oibre sin a bhainistiú go héifeachtach inár nIonad Teagmhála. |



Public

| Réimse Cláir | Achoimre ar a bhfuil ar Intinn Againn a Sholáthar i 2026 |
|---|---|
| **Tacú le forbairt agus éabhlóid na meán seirbhíse poiblí agus na craoltóireachta.** | Leanfaimid de phríomh-oibleagáidí reachtúla agus cuspóirí straitéiseacha a thabhairt chun cinn chun tacú le forbairt agus éabhlóid na meán seirbhíse poiblí agus na craoltóireachta trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:<br><br>• Leanúint de chlár oibre a sholáthar lena ndéanfar maoirseacht ar athbhreithniú ar an gCreat um na Meáin Seirbhíse Poiblí, ina bhfuil athbhreithniú ar mhodheolaíocht agus creat feidhmíochta.<br>• Treoirlínte nua lena chinntiú go dtarraingeofar aird chuí ar sheirbhísí meán closamhairc a bhfuil spéis ghinearálta iontu.<br>• Athbhreithniú ar an soláthar ábhair seirbhíse poiblí.<br>• Rialacha craolacháin a chur in iúl arís, an 2ú céim de na rialacha rochtana don chraoltóireacht, agus rialacha a fhorbairt le haghaidh ábhar maidir le corparáidí sna Meáin Seirbhíse Poiblí.<br>• Straitéis athbhreithnithe um Sheirbhísí Craolacháin Choimisiún na Meán a ullmhú. |
| **Tacú le deiseanna chun soláthar meán nua agus meán atá ag teacht chun cinn a fhorbairt.** | Leanfaimid de thionscnaimh nua a chur chun feidhme ar tionscnaimh iad a chuireann deiseanna nua ar fáil d'earnáil na meán a bheith cruthaitheach, faoi bhláth agus forásach, lena n-áirítear scéimeanna nua maoinithe a chur i bhfeidhm. In 2026, áireofar leis na tionscnaimh sin<br><br>• Straitéis nua Maoinithe do na Meáin a Fhorbairt.<br>• Forbairt a dhéanamh ar an Scéim Fuaim agus Fís atá ann cheana féin tríd an gcúigiú leagan a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br>• Ciste nua um Meáin Phobail a dhearadh agus a chur chun feidhme.<br>• Scéim Maoinithe um Ghairm agus Oiliúint sna Meáin a dhearadh agus a chur chun feidhme.<br>• Straitéis a fhorbairt chun Léiritheoir Neamhspleách a Shainiú. |
| **Mionaoisigh a choimeád sábháilte ar líne agus iad a chosaint ar ábhar dochrach.** | Leanfaimid de phríomhghníomhartha ónár bplean a chur chun feidhme chun mionaoisigh a choimeád sábháilte ar líne agus iad a chosaint ar ábhar dochrach. Áireofar lenár bpríomhobair sa réimse i rith 2026:<br><br>• Leanúint d'fheachtais feasachta a fhorbairt faoi chearta, rialacha agus tuairisciú, dírithe ar leanaí agus daoine óga.<br>• Leanúint le clár píolótach a thugann tacaíocht do leanaí atá i ngar-bhaol díobhála ó ábhar ar líne.<br>• Leanúint dár gCreat Comhlíontachta Ardán maidir le mionaoisigh a chosaint i gcomhréir leis an gCód Sábháilteachta Ar Líne agus Airteagal 28 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha.<br>• An staidéar EU Kids Online a chríochnú agus tús a chur leis an staidéar Irish Kids Online chun léargais agus eolas níos fearr a fháil.<br>• Straitéis Rialála a chur chun feidhme chun Caighdeáin Modhnóireachta Ábhair a bhunú maidir le CSAEM (Ábhar Mí-úsáide Gnéasaí agus Teacht i dTír ar Leanaí) ar sheirbhísí ardáin comhroinnte físeán agus dearaí seirbhísí a fhiosrú chun na rioscaí sin agus rioscaí eile a mhaolú. |

| Réimse Cláir | Achoimre ar a bhfuil ar Intinn Againn a Sholáthar i 2026 |
|---|---|
| **Tacú le próisis dhaonlathacha atá cóir agus le hionracas faisnéise.** | Leanfaimid de thionscnaimh a sholáthar a thacaíonn le próisis dhaonlathacha atá cóir agus le hionracas faisnéise. In 2026, áireofar leis sin:<br><br>• An t-athbhreithniú ar bheartas Iolrachta an Choimisiúin a thabhairt chun críche agus tús a chur le forbairt ar Chreat Tomhais um Iolracht sna Meáin.<br>• Tús a chur le gníomhartha i Straitéis Sláine Toghcháin an Choimisiúin a chur chun feidhme. |
| **Comhionannas inscne, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht in earnáil na meán a chur chun cinn.** | Leanfaimid orainn ag tabhairt faoi thionscnaimh eile a chuireann inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht (ICÉI) chun cinn in earnáil na meán fuaime agus closamhairc, lena n-áirítear:<br><br>• An gá atá le héagsúlacht agus ionchuimsitheacht i dtuairisciú agus craoladh spóirt a chur chun cinn mar chuid den fhorbairt ar ár bplean straitéiseach don chraoladh spóirt.<br>• Monatóireacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht le déanamh ag soláthraithe na Meán Seirbhíse Poiblí agus Ábhar Seirbhíse Poiblí.<br>• Leanúint de chaighdeáin ICÉI a fhorbairt, agus critéir a chur leis an Scéim Maoinithe Fuaim agus Fís.<br>• Feabhas breise a chur ar mheasúnú sonraí do na cláir Mná sa Chraoltóireacht Fuaime. |
| **An úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíocht agus sonraí chun tacú le soláthar ár gcuid oibre.** | Leanfaimid den úsáid a bhainimid as teicneolaíocht agus sonraí a thabhairt chun cinn agus ár gcuid oibre á forbairt againn, agus cinnteoimid go mbainfimid an leas is fearr as an teicneolaíocht nua a bheidh le fáil. Áireofar leis an obair thábhachtach atá beartaithe le haghaidh 2026:<br><br>• Leanúint dár mbonneagar fiontraíochta a fhorbairt.<br>• Foireann fóiréinsice sonraí nua a earcú agus a ionduchtú.<br>• Riachtanais sonraí a bhainistiú agus a thabhairt chun cinn don eagraíocht.<br>• Leanúint de na gníomhartha a leagtar amach inár straitéis sonraí a chur chun feidhme.<br>• Cruach sonraí saincheaptha a fhorbairt a chuirfidh bonn taca faoinár gcuid oibre fiosrúcháin.<br>• Tús a chur le córas bainistithe cásanna a fhorbairt don eagraíocht.<br>• Leanúint dár dtionscadal Ionad Oibre an Lae Inniu a chur i bhfeidhm.<br>• Tús a chur leis an 2ú céim dár dtionscadal slándála TFC. |

| | |
|---|---|
| **Leanúint dár samhail oibriúcháin inmheánach a fhorbairt.** | Leanfaimid d'fheabhas a chur ar ár samhail oibriúcháin ar fud na heagraíochta trí fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar bheartais inmheánacha, creat agus bealaí oibre. Áireofar leis sin ach níl sé teoranta don mhéid seo a leanas:<br><br>• Creat forbartha beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme mar threoir do chur chuige comhsheasmhach maidir lenár seasamh beartais a chinneadh.<br>• Beartas an Choimisiúin um Litearthacht sna Meáin a athbhreithniú agus a nuashonrú.<br>• Sceideal Comhlíontachta nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br>• Beartas Frithchalaoise/Éillithe nua a chur i bhfeidhm.<br>• Forbairt leanúnach ar an tsamhail oibriúcháin maidir le tobhaigh.<br>• Creat Meastóireachta nua um Litearthacht sna Meáin a fhorbairt (Cód Sábháilteachta Ar Líne |

| Réimse Cláir | Achoimre ar a bhfuil ar Intinn Againn a Sholáthar i 2026 |
|---|---|
| **Leanúint de threoirleabhair a chur ar bun chun ardáin ar líne a rialáil.** | Leanfaimid dár bpróisis agus acmhainní a fheabhsú chun rialáil níos fearr a dhéanamh ar ardáin ar líne trí thionscadail nua agus tionscadail atá ann cheana féin a chur i gcrích. Áirítear an méid seo a leanas leis sin:<br><br>• Tionscadail a thacóidh le forbairt leanúnach ar phróisis maoirseachta agus timthriallta chun an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), Ábhar Sceimhlitheoireachta ar Líne agus an Cód Sábháilteachta ar Líne a rialáil.<br>• Forbairt leanúnach a dhéanamh ar Chreat Maoirseachta Rioscabhunaithe Oibríochtaí Rialála an Choimisiúin.<br>• Forbairt leanúnach a dhéanamh ar Chreat um Fhaisnéis Foinse Oscailte.<br>• Tionscadail lena dtabharfar oibríochtú chodanna sonracha den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus den Chód Sábháilteachta ar Líne chun críche. |
| **Tionscnaimh a choimeádann an tsochaí sábháilte ar líne.** | Déanfaimid sraith tionscnamh éagsúil a sholáthar ar tionscnaimh iad a dhíspreagann ábhar ar líne a chuireann sochaí bhaolach agus mhíshláintiúil chun cinn. Áireofar leis sin:<br><br>• Clár oibre a sholáthar chun dul i ngleic le minicíocht an fhuatha ar líne, lena n-áirítear gríosú chun fuatha agus foréigin.<br>• Treoir a fhorbairt maidir le Fuath Mídhleathach ar Líne a Shainaithint agus a Thuairisciú.<br>• Ionchur an Choimisiúin san athbhreithniú ar Threoir an AE maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc a chomhordú agus a bhainistiú.<br>• Ár 'bPlean Gníomhaíochta Meántéarmach chun Torthaí Inmhianaithe a Bhaint Amach i nDáil leis an tSláinte Phoiblí' a thabhairt chun críche.<br>• Leanúint d'fhorbairt straitéisí chun tacú le heagraíochtaí neamhrialtasacha róil a ghlacadh sa chóras sábháilteachta ar líne.<br>• An tionscadal faoina gcuirfear Taighdeoirí Grinnfhiosraithe DSC i mbun oibre a thabhairt chun críche. |
| **Forbairt leanúnach ar bheartas agus cleachtas i bpríomhréimsí.** | Déanfaimid roinnt réimsí beartais agus cleachtais a thabhairt chun cinn mar thosaíocht in 2026, lena n-áirítear:<br><br>• Beartas a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le fógraí teorannaithe ábhair agus fógraí foláirimh ábhair.<br>• Forbairt ar bheartas maidir le smachtbhannaí coiriúla.<br>• Clár cumasaithe maoirseachta a fhorbairt agus a sholáthar.<br>• Beartas agus plean gníomhaíochta i leith na Gaeilge a fhorbairt do Choimisiún na Meán.<br>• Leanúint dár gclár píolótach maidir le rannpháirtíocht struchtúrtha le hEagraíochtaí na Sochaí Sibhialta (CSOnna).<br>• Comhairliúchán poiblí faoi Threoirlínte Rúndachta a lorg. |

| Réimse Cláir | Achoimre ar a bhfuil ar Intinn Againn a Sholáthar i 2026 |
|---|---|
| **Infheistíocht inár ndaoine agus inár n-eagraíocht.** | Leanfaimid den infheistíocht inár ndaoine agus inár bhfeidhmeanna tacaíochta lena chur ar chumas Choimisiún na Meán a lánacmhainneacht a bhaint amach. Beidh an méid a leanas san áireamh i dtionscadail agus cláir oibre in 2026:<br><br>• Feachtas a chuirfidh ar chumas Choimisiún na Meán gach post ceadaithe a líonadh.<br>• Tionscadail a chinnteoidh go mbeidh oifigí ag Coimisiún na Meán a oireann do mhéid agus comhdhéanamh na heagraíochta anois agus amach anseo.<br>• Conradh fadtéarmach nua a fháil chun Ionad Teagmhála an Choimisiúin a oibriú.<br>• Leanúint de chóras ríomhFhoghlama nua a chur chun feidhme.<br>• Tús a chur le córas ERP nua a fháil le haghaidh Airgeadais.<br>• Córas Bainistithe Acmhainní Daonna inscálaithe a fháil agus ullmhú lena chur i bhfeidhm, chun próisis Acmhainní Daonna agus párolla a chuíchóiriú.<br>• Straitéis nua um sholáthar corparáideach a fhorbairt chun tacú le tabhairt isteach uirlisí, oiliúint agus acmhainní nua um sholáthar.<br>• Samhail oibriúcháin nua a bhunú le haghaidh Rannán Seirbhísí Dlí an Choimisiúin. |